# Nuachtlitir Oideachas Reiligiúnach na Sraithe Sóisearaí - Márta 2021

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

@jct_RE www.jct.ie info@jct.ie

## Fáilte

A Chomhghleacaithe OR, a chairde,

Fáilte chuig eagrán mhí an Mhárta de nuachtlitir an Oideachais Reiligiúin. Tá lúcháir orainn go raibh deis againn dul i dteagmháil le go leor múinteoirí sa spás ar líne le roinnt seachtainí anuas. Chun príomhscileanna na sraithe sóisearaí a leabú, beimid ag smaoineamh san eagrán seo ar phríomhscil na cumarsáide. Ós rud é go bhféadfadh MRB 1 a bheith ar siúl anois i do scoil, tugaimid breac-chuntas ar roinnt nuashonruithe i dtéarmaí samplaí oibre agus tuilleadh leideanna teicneolaíochta chun cabhrú le teagasc agus le foghlaim.

### Dátaí don dialann – Márta 2021

*Imeachtaí agus ceiliúradh atá le teacht ón bhféilire idirchreidimh*

**8ú** **Lá Idirnáisiúnta na mBan**

**17ú** **Lá Fhéile Pádraig** - ***Críostaí***

**20ú** **Lá Idirnáisiúnta an tSonais**

**28ú** **Domhnach na Pailme** - ***Críostaí***

**28ú** **Lá Magha Puja** - ***Búdaíoch***

### Seimineár Gréasáin Oideachas Reiligiúnach / IFL - Imeachtaí Foghlama ar Líne

**Is é 21 Aibreán an dáta atá beartaithe óna 7-8:30pm. Déanfar clárú trí hipearnasc ar phóstaer idirghníomhach agus ar an gcnaipe 'Imeachtaí Foghlama ar Líne' ar leathanach baile jct.ie.**

**Cliceáil anseo:**


**Zoom: Seimineár Gréasáin Oideachas Reiligiúnach**

## MRB 1

Beidh samplaí oibre do MRB an Oideachais Reiligiúin ar líne faoi Cháisc 2021. Is é an cuspóir atá le samplaí MRB 1 an OR cabhrú le forbairt ghairmiúil na múinteoirí. Ní le haghaidh aon chuspóra eile iad. Cuirfear tuilleadh samplaí leo le himeacht ama.

Chuir an CNCM in iúl dúinn go bhfuil súil acu na samplaí a fhoilsiú ar líne faoi dheireadh na míosa. Féach thíos chun tuilleadh sonraí a fháil trí chliceáil ar an nasc thíos:

https://www.curriculumonline.ie/Junior-cycle/Junior-Cycle-Subjects/Religious-Education/


Religious Education

Welcome to Junior Cycle Religious Education

This new specification for Junior Cycle Religious Education sets out expectations for teaching, learning and assessment in Religious Education for the first, second and third years in post-primary school.

Junior Cycle Religious Education focuses on developing knowledge, understanding, skills, attitudes and values to enable young people to come to an understanding of religion and its relevance to life, relationships, society and the wider world. The course is built around three interconnecting strands: Expressing Beliefs, Exploring Questions and Living our Values.

The new specification will be introduced in September 2019 to first year students and assessed in 2022 for the first time as part of the Junior Cycle Profile of Achievement (JCPA).

Click on graphic below

Curriculum Specification

Assessment Guidelines

Religious Education

Examples of Students Work

Junior Certificate Religious Education Syllabus

## Príomhscil i bhFócas: Cumarsáid

Cabhraíonn an phríomhscil seo leis an scoláire scileanna maithe cumarsáide a fhorbairt i ngach gné den saol, ag baint úsáid as meáin éagsúla. Pléitear sa Chreat don tSraith Shóisearach cén rud é an deachumarsáid i dtaca le scoláirí rud a chabhraíonn leo na scileanna riachtanacha a fhorbairt.




- Éisteacht agus mé féin a chur in iúl
- Taibhiú agus cur I láthair
- Pléagus díospóireacht
- Teanga a úsáid
- Uimhreacha a úsáid
- Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh

@jct_RE www.jct.ie info@jct.ie

## Leideanna Teicneolaíochta

### Gineadóir ainm

Is uirlis seomra ranga é gineadóir ainm chun ainmneacha scoláirí randamacha a roghnú chun tasc a chur i gcrích. Ag baint úsáid as an bhfeidhmchlár áirithe seo, tig leis an múinteoir ainmneacha scoláirí a roghnú go randamach le haghaidh taisc. Is dóigh éasca é chun rudaí a choinneáil cothrom sa seomra ranga agus a chinntiú go mbíonn deis ag gach duine páirt a ghlacadh.



**Cliceáil:** https://www.classtools.net/random-name-picker/

### Mentimeter

Le linn na dtí lá FGL dheireanacha againn léiríodh an dea-chleachtas maidir le húsáid agus cur i bhfeidhm fheidhmchlár Mentimeter mar bhealach chun scoláirí a mhealladh chun páirt a ghlacadh agus a dtuairimí a chur in iúl sa seomra ranga.


Is bogearraí láithreoireachta éasca le húsáid é Mentimeter. Le Mentimeter is féidir leat cur i láthair spraíúil agus idirghníomhach a chruthú agus cabhrú le do rang a dhéanamh nuálach agus nótáilte. Is féidir le scoláirí cuireadh a fháil nó a iarraidh ó do chuntas. Le huirlis anaithnid ar nós Mentimeter d'fhéadfadh rannpháirtithe a bheith níos compordaí ag tabhairt a gcuid tuairimí go macánta mar go mbraitheann siad níos sábháilte.

Mentimeter **Cliceáil:** https://www.mentimeter.com/

## Straitéis a mholtar don fhoghlaim sa seomra ranga ina mbíonn scaradh sóisialta

### Straitéis Oideolaíochta JCT: Suirbhéanna

Is féidir suirbhéanna a úsáid chun guth na scoláirí a fháil i gcomhdhearadh an inneachair agus na modheolaíochtaí a úsáidtear chun eispéiris foghlama fhiúntacha a ghníomhachtú.




Is féidir ionchur scoláirí a úsáid ansin i dtreo curaclam comhtháite idirbheartaithe a fhorbairt.

Cliceáil ar na naisc thíos:
https://jct.ie/wholeschool/pdf_strategies_for_active_engagement/surveys.pdf

## OR sa Nuacht

Tá sraith ghearrthóg ar a dtugtar 'Gearrscéalta Naomh Pádraig' curtha le chéile ag RTÉ. I ngach ceann, tugann ball de phobail chreidimh mhionlaigh in Éirinn machnamh gairid ar an gciall atá leis an Éireannachas agus le Naomh Pádraig dóibh.

Tá ceann ann do gach ceann de reiligiúin an domhain a luaitear i sonraíocht OR na Sraithe Sóisearaí—Búdachas, Críostaíocht, Hiondúchas, Ioslam agus An Giúdachas. Níl gach gearrthóg ach 2-4 nóiméad ar fad ach tugann siad léargas iontach ar reiligiúin an domhain i gcomhthéacs na hÉireann. Tá siad ar fáil ar Sheinnteoir RTÉ agus ar Chainéal YouTube RTÉ.



Cliceáil ar na naisc thíos:

https://www.rte.ie/player/series/st-patricks-shorts/SI0000008317?epguid=PL000006337

## Athfhriotal na míosa



*"Ní féidir linn an domhan a leigheas inniu, ach is féidir linn tosú le guth na taise, croí an ghrá, agus gníomh cineáltais." - Mary Davis*

*Kind regards,*

*Religious Education Team*